

☘ An Lúibín ☘

3 Nollaig 2020

Dornán seanfhocal Manannach

The Manx language, like its sister languages in the Gaelic world, has a large store of proverbs. Some of them are here, transliterated into a Gaelic spelling (Manx has an Anglicised spelling of its own).

Cuid den saol Gaelach is ea seanfhocail Ghaeilge Mhanann agus tá roinnt bheag díobh le fáil anseo.

Is cosúla Gaeilge Mhanann le Gaeilge na hAlban ná le Gaeilge na hÉireann i dtaca le foghraíocht agus gramadach de agus sin gan trácht ar rudaí sainiúla a bhaineann léi féin amháin. Dá ndéarfai 'Tá sí bean' nó a leithéid ba mhór an botún é sna teangacha Gaeilge eile, ach sin é an gnáthleagan i nGaeilge Mhanann. Rud é a d'eascair, más fíor, ón teagmháil idir Sean-Lochlainnis agus Sean-Ghaeilge ar Oileán Mhanann na céadta bliain ó shin, cé gur fíor freisin gur fhág an Béarla a rian ar Ghaeilge Mhanann lenár linn.

Níl litriú Gaelach ag teanga Mhanann, mar bhí sí scoite amach ó shaol léannta na nGael, agus ní raibh eolas ag na daoine a chum litriú na teanga ar scríbhneoireacht na dteangacha Gaeilge eile. Tá roghanna le déanamh, mar sin, maidir le trasríobh i litriú na dteangacha úd. Anseo thoghamar litriú atá ina chomhréiteach idir Gaeilge na hÉireann agus Gaeilge na hAlban.

Myr shegin dy ve, bee eh.

Mar 's éigean do bheith, bíodh é.

Gaeilge na hÉireann: Mar is éigean dó a bheith, bíodh sé (amhlaidh).

Hig eh hooim my nee mayd fuirraghtyn foddey dy-liooar.

Thig é chughainn má ní muid fuireachtan fada do leór.

Gaeilge na hÉireann: Tiofaidh sé chugainn má fhanaimid fada go leor leis.

Ayns yn Ollick bee mayd gennal,
Tra ta 'n jough goll mygeart,
Tra ta'n chiollagh ooilley sollys,
As yn foaid mooar ooilley kiart.

Ans an Ollaig bidh muid geanal

Tráth tá 'n deoch gabhal mu gceart

Tráth tá 'n teallach uile solas

Is an fód mór uile ceart.

Gaeilge na hÉireann: Sa Nollaig beimid geanúil nuair a bheidh an deoch ag gabháil timpeall agus nuair a bheidh an teallach uile solasta agus an fód mór uile suite i gceart.

Ta gennallys marish poagey follym ny share na anvea marish poagey lane.

Tá geanalas marais póca follam nas fheárr ná an-bheatha marais póca lán.

Gaeilge na hÉireann: Tá geanúlacht le póca folamh níos fearr ná drochbheatha le póca lán.

Sooree ghiare, yn tooree share.

Suirí ghearr an tsuirí 's fheárr.

Ní gá é seo a mhíniú.

S'mie ve daaney agh s'olk ve ro ghaaney.

'S maith bheith dána ach 's olc bheith ró-dhána.

Ní gá é seo a mhíniú.

Ta'n aghaue veg shuyr da'n aghaue vooar

Tá 'n athabha bheag siúr do'n athabha mhór.

Gaeilge na hÉireann: Is deirfiúr don dáthabha beag an dáthabha mór (i.e. tá gaol idir an pheaca bheag agus an pheaca mhór). Is ionann an dáthabha agus tréanlus braonach, planda nimhiúil.

Quoi erbee s'beayn cha beayn y chenndiaght.

Cé air bith 's buan, cha buan an tseandacht.

Gaeilge na hÉireann: Cibé ar bith is buan, ní buan an tseandacht (an tseanaois).

Cha dooar rieu drogh veaynee corran mie.

Cha d'fhuar riamh droch-bhuanaí corran maith.

Gaeilge na hÉireann: Ní bhfuair drochbhuanáí riamh corrán maith (i.e. ar an uirlis atá an locht). Is cosúil é seo le seanfhocal Éireannach: Is doiligh corrán maith a fháil do dhrochbhuanáí.

Cha vel fer erbee cha bouyr, as eshyn nagh jean clashtyn.

Cha bheil fear air bith cho bodhar is eisean nach déan claistean.

Gaeilge na hÉireann: Níl fear ar bith chomh bodhar leis siúd nach gcloiseann.

Ta çengey ny host ny share na olk y ghra.

Tá teanga 'na thost nas fheárr ná olc a ghrá.

Gaeilge na hÉireann: Tá teanga ina tost níos fearr ná olc a rá.

Ta'n festyr çheet orrin oilley.

Tá 'n feastar 'tiot orainn uile.

Gaeilge na hÉireann: Tagann an feascar (i.e. deireadh lae) orainn uile.



An Ghaeilge i státseirbhís na Poblachta

The Irish government intends to greatly increase the number of Irish-speaking recruits to the public service. Doubts remain regarding the likely success of this project.

Is fada Gaeilgeoirí na hÉireann á ghearán nach féidir le státseirbhís a dtíre féin freastal orthu trí Ghaeilge. Anois tá iarracht á déanamh ar an bhfadhb a fhuascailt. Faoi 2030 caithfidh an cúigiú cuid d'earcaigh i státseirbhís na hÉireann Gaeilge a bheith ar a dtoil acu, de réir leasú atá le déanamh ar Acht na dTeangacha Oifigiúla. Chomh maith leis sin, deir an Bille leasaithe go gceadófar Coiste Comhairleach Seirbhísí Gaeilge a chur ar bun chun feabhas a chur ar sheirbhísí poiblí trí Ghaeilge. Déanfar é seo de réir Plean Náisiúnta.

Tá an 31 Nollaig 2020 fógraithe mar spriocdháta chun Gaeilge a bheith a bheith ag 20% d'earcaigh. Déanfaidh an tAire toradh an chéad Phlean Náisiúnta a mheas timpeall na bliana 2028.

Tarraingíonn an scéal seo cúpla ceist anuas. Is léir nach bhfuil de chumas ag na scoileanna an oiread sin daltaí líofa a sholáthar, d'ainneoin an Ghaeilge a bheith éigeantach. Formhór mór na ndaltaí a fhaigheann pas i scrúdú na hArdteiste ní thig leo comhrá a dhéanamh i nGaeilge. Fiú nuair a bhí pas i nGaeilge mar ghnáthchoinníoll iontrála ag an státseirbhís fadó d'fhéadfá post a fháil leis an gcúpla focal.

Is féidir, ar ndóigh, Gaeilgeoirí a thabhairt isteach mar chéatadán áirithe; ach ní mór deimhin a dhéanamh go bhfuil an soláthar ann i bpobal beag agus go ndéantar a gcumas teanga a mheas go réadúil. Níor mhór an tiontas é dá n-admhófaí amach anseo gur theip ar an rialtas an cuspóir a bhaint amach. Is minic cheana a theip ar scéimeanna dá leithéid.



Is fuar an geimhreadh

Tá 'Is úar geimhreadh' ar na dánta is iomráití in *Acallam na Senórach (Agallamh na Seanórach)*, saothar Fiannaíochta a cumadh timpeall na bliana 1200. Cuirtear an dán i leith Chaoilte, duine de laochra na Féinne.

Tá an dúlra agus an chumha fite ina chéile sa dán; tuigtear go bhfuil buaine sa dúlra nach bhfuil sa duine.

Tá an bunteacs le fáil ag <https://celt.ucc.ie//published/G400051/index.html>. Rinneadh a lán aistriúchán Béarla, ach is annamh a gheofá aistriúchán i Nua-Ghaeilge, mar atá le feiceáil thíos.

Is úar geimred

Is ann a-dubhairt Caílte: 'Inam', ar sé, 'do dhamhaib allaidi & d' eilltibh dul a n-innib cnoc & carrac an-osa; & inam éignedh do dhul i cúasaib brúach'. & a-dubhairt an laíd:

Is éard a dúirt Caoilte: In am, a dúirt sé, ag daimh agus ag eilití dul go barr cnoc agus carraigeacha anois; agus ag bradáin dul isteach i gcúasa bruach. Agus dúirt sé an laoi seo:

Is úar geimred; at-racht gáeth;
éirgid dam díscir dergbáeth;
nocha te in-nocht in sliabh slán,
gé beith dam dían ac dordán.

Is fuar an geimhreadh: éiríonn an ghaoth, éiríonn an damh dásachtach deargfhiáin; ní te é anocht an sliabh slán, cé go bhfuil an damh díocasach ag dordán.

Ní thabair a tháeb re lár
dam Sléibe Cairn na comdál;
ní luga at-chluin céol cúaine
dam Cinn Echtge innúaire.

Ní lígeann damh Shliabh Cairn na comhdhála a thaobh le lár; ní lú a chloiseann damh Cheann Eachtaí¹ anfhuar ceol cuaine mac allta.

Mise Caílte, is Díarmait donn,
ocus Oscar áith étrom,
ro choistmis re céol cúaine
deired aidche adúaire.

Mise, Caoilte, agus Diarmaid donn agus Oscar fuinníúil coséadrom, chloisimis ceol na cuaine deireadh oíche anfhuaire.

Is maith chotlas in dam donn
fuil is a chnes re Coronn
mar do beth fa Thuinn Túaige
deired aidche innúaire!

Is maith a chodlaíonn an damh donn agus a chneas leis an gCorann,² faoi mar a bhí sé faoi Thonn Tuaiige³ deireadh oíche anfhuaire.

In-dú isam seanóir sen;
ní aithnim acht becán fer;
ro chraithinn corrsleig co crúaid
i matain aigrí innúair.

Inniu is seanóir mé; ní aithnínm ach beagán fear; chroithinn corrsleá go crua maidin oighearta anfhuar.

A-tloch ar do Ríg nime,
do Mac Maire ingine:
do-beirinn mór socht ar slúag
gé ber in-nocht co h-adúar.

Gabhaim buíochas le Rí Neimhe, Mac Mhuire Ógh; chuirinn mórshuaimhneas ar shlua, cé go bhfuilim fuar anocht.

¹ I gContae an Chláir agus i gContae na Gaillimhe.

² An Corann, b'fhéidir, i gContae Shligigh.

³ Bun Abhainn na Banna: ceann de Thrí Thonn na hÉireann. Is iad an dá cheann eile Tonn Chlíodhna i gCorcaigh agus Tonn Rudhraige (Cuan Dhún Droma).



An Timpeallacht

An Mór-Imchuach Airtéiseach

Australia's Great Artesian Basin is one of the largest reservoirs of underground water in the world. Its springs supported Aboriginal people for millennia; later commercial use caused great wastage, only now being checked, but chemicals from fracking are still a danger.

Tá os cionn 1.7 ciliméadar cearnach sa Mhór-Imchuach Airtéiseach agus é suite faoi chuid de Queensland, New South Wales and Críoch an Tuaiscirt. Meastar go bhfuil 64,000 milliún meigilítear uisce istigh ann. Baineann feirmeoirí, grásaerí agus bailte móra feidhm as an uisce, agus cothaíonn sé éiceachórais agus cultúr Bundúchasach. Tagann os cionn \$12 billiún ina aghaidh na bliana as an Imchuach agus cothaíonn sé 180,000 duine, 7,600 gnólacht agus 120 baile mór. Tá baint chultúrtha agus spioradálta ag Bundúchasaigh leis na fuaráin leis na mílte bliain.



An Mór-Imchuach Airtéiseach
Wikimedia Commons

Tá scaireanna gaineamhchloiche san Imchuach a choinníonn uisce i dtaisce agus cuid den uisce sin dhá mhilliún bliain d'aois. Tugtar uiscígh ghaibhnithe orthu: tá siad fáiscthe idir scaireanna righne carraige nó cré agus brú mór orthu go minic. Tagann beagáinín uisce anuas ann ó bháisteach agus ó shrutháin agus gluaiseann sé go hanmhall tríd an ngaineamhchloch. Ligeann an brú don uisce teacht aníos trí chróite tobair ('bores') agus trí fuaráin, agus cuid den uisce sin le fáil in ndobharchláir éadoimhne agus in aibhneacha. Tagann an chuid is mó den uisce aníos ar chiumhais an Imchuach.

Baineadh an-úsáid as toibreacha sa fichiú haois ach tháinig laghdú mór ar an méid uisce a bhí ag teacht aníos iontu. Bhí os cionn 3,000 meigilítear sa lá ar fáil in 1915; ní raibh ach 1,000 meigilítear ar fáil in 1998, agus ídíodh beagnach leath na bhfuarán nádúrtha. Is éard ba chúis leis sin an t-uisce a bheith ag eascairt gan srian ó na cróite tobair. D'fhéadfadh breis is 90% den uisce imeacht gan tairbhe trí ghalú agus trí úscaíl, rud atá ag titim amach ó thosaigh coilínigh ag úsáid an uisce in 1878. Sin an fhadhb a spreag bunú an Chláir Shealadaigh um Infheistíocht i mBonneagar an Mhór-Imchuach Airtéisigh 2017-19. Tá caidhpeanna á gcur ar chróite tobair agus píopaí á leagan, agus tá neart uisce á shábháil anois dá bharr – os cionn 3,000 meigilítear in aghaidh na bliana.

Fágann sin an chontúirt a bhaineann le fraiceáil, cineál mianadóireachta a úsáidtear chun gás a bhaint as síoga guaíl agus as sceall. Déantar méid mór uisce agus méid beag ceimiceach a instealladh faoi thalamh chun an charraig a scoilteadh agus sruthlú an gháis a éascú. Tá os cionn tríocha ceimiceach ann is féidir a úsáid chun fraiceáil a dhéanamh agus iad in ann uisce a shalú. Faoi láthair ceadaítear fraicéail a dhéanamh in New South Wales agus i gCríoch an Tuaiscirt agus í mar ábhar conspóide i gcónaí. B'fhéarr le gníomhaithe timpeallachta go gcuirfí deireadh le fraiceáil i ngach áit.

Le léamh:

<http://www.ga.gov.au/scientific-topics/water/groundwater/gab>

<https://www.agriculture.gov.au/water/national/great-artesian-basin>

[https://www.nswfarmers.org.au/NSWFA/NSWFA/Posts/The_Farmer/Environment/
How_we_can_preserve_our_Great_Artesian_Basin.aspx](https://www.nswfarmers.org.au/NSWFA/NSWFA/Posts/The_Farmer/Environment/How_we_can_preserve_our_Great_Artesian_Basin.aspx)

<https://theconversation.com/water-in-water-out-assessing-the-future-of-the-great-artesian-basin-13104>

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au.

Dánta le Colin Ryan

Bóthar

Ar an mbóthar seo
an nathair
an préachán

dhá chaora ar strae
idir pháirceanna

na scamail ag carnadh
ag bun na spéire

Coillearnach

Má fhilleann tú
feicfidh tú coillearnach
san intinn
ag dorchú na n-acraí
tar éis na tua

ag faire na faille
chun cúngú arís
ar an saol

Pearsa

Aisteoir is cuimhin leat san áit seo
é ina phearsa de chuid staire éigin
nár stair í ach finscéal

ach ba chuma agus a ghuth
ag nochtadh na beatha agus an tórraimh
i gliabh an duine
ag nochtadh a raibh cailte
agus a bhfuil ar marthain

Feitheamh

Faoi na craobhacha
tá siad ag feitheamh
le strainséirí

an léana breac
le scáthanna an tsaoil

na cosáin ag tarraingt
ar bhuaire na cathrach

dealbh an bhandé á caitheamh
ag gaoth an dearmaid

Múrabhán

Ar an gcnoc sin
chonaic tú múrabhán

an teas ag téaltú
as tóstal an tsamhraidh

an t-aer ag fanacht
le rud do-inste

Spléachadh

Faoileáin siar faoin mbáisteach
agus glór bodhar na ngluaisteán

bean agus leanbh
i loinnir na sráide
ar oilithreach

Fós

D'imigh siad thar chathracha scriosta
thar fhocail dhóite
agus tháinig ar chnámha
na clainne nár rugadh fós
in uaigheanna

a bhí fós le baint